



8708/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2025/0145(NLE)
2025/0144(NLE)

IXIM 106
JAI 514
ENFOPOL 153
CRIMORG 102
JAIEX 27
AVIATION 66
DATAPROTECT 142
N 19

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh - Glacadh

1. An 6 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an ‘Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaráítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú ón Aontas chuig Ríocht na hIorua ar mhaithe le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh’.
2. An 4 Márta 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh an Chomhaontaithe agus thug sí na teoracha caibidlíochta riachtanacha don Choimisiún. Cuireadh an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 218 (10) CFAE an 6 Márta 2024.

3. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht an 21 Márta 2024 agus tugadh i gcrích go rathúil í nuair a cuireadh inisealacha leis an dréacht-chomhaontú an 9 Aibreán 2025. Sular cuireadh inisealacha leis, phléigh an Coimisiún an dréacht-Chomhaontú don Mheitheal um Chomh-mhalartú Faisnéise CGB (IXIM) an 24 Feabhra 2025 agus an 18 Márta 2025. Fuair na Ballstáit soiléirithe ón gCoimisiún, agus rinneadh athruithe beaga ar an dréacht-Chomhaontú.
4. An 12 Meitheamh 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe.
5. An 24 Iúil 2025, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a thuairim maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe. Tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na coimircí is gá sa dréacht-Chomhaontú chun go mbeidh sé comhoiriúnach do chreat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí.
6. An 29 Iúil 2025, thug Éire fógra d'Ardrúnaíocht na Comhairle gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na gCinntí ón gComhairle atá beartaithe.
7. An 22 Meán Fómhair 2025, i bhfianaise an mhéid thuas, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:
 - ghlac sí an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an Taifead Ainmneacha (PNR) a aistriú, a bhfuil an Comhaontú sin i gceangal leis, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air (11279/25 agus 11281/25), mar mhír 'A';
 - chinn sí go gcuirfeadh sí Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle maidir le síniú an chomhaontaithe;
 - chinn sí go gcuirfeadh sí an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 11280/25 é agus mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

8. An 29 Aibreán 2026, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.
9. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 11280/25, a ghlacadh mar mhír ‘A’;
 - a aontú go bhfoilseofar téacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil;
 - a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.